Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 20 Nollaig 2018
(OR. en)

15782/18

ENV 932
FIN 1046
SAN 486
TRANS 664
ENER 458
IND 424

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| An: | 20 Nollaig 2018 |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 14794/18 |
| Ábhar: | Tuarascáil Speisialta Uimh. 23/2018 ó Cúirt Iniúchóirí na hEorpa dar teideal "Aerthruailliú: Fós, níl a dhóthain cosanta á tabhairt dár sláinte"<br>- conclúidí ón gComhairle |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo na conclúidí ón gComhairle maidir le Tuarascáil Speisialta Uimh. 23/2018 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa dar teideal "Aerthruailliú: Fós, níl a dhóthain cosanta á tabhairt dár sláinte" arna nglacadh ag an gComhairle ag an 3666ú cruinniú dá cuid a reáchtáladh ar an 2 Nollaig 2018.

**Tuarascáil Speisialta Uimh. 23/2018 ó Cúirt Iniúchóirí na hEorpa dar teideal "Aerthruailliú: Fós, níl a dhóthain cosanta á tabhairt dár sláinte"**

**- conclúidí ón gComhairle -**

MAIDIR LE COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

AG MEABHRÚ DI a conclúidí maidir le feabhas a chur ar an scrúdú ar thuarascálacha speisialta arna ndréachtú ag an gCúirt Iniúchóirí i gcomhthéacs an nós imeachta urscaoilte[1]:

1. IS DÍOL SÁSAIMH DI Tuarascáil Speisialta Uimh. 23/2018 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa dar teideal "Aerthruailliú: Fós, níl a dhóthain cosanta á tabhairt dár sláinte";

2. TUGANN SÍ na Conclúidí agus na Moltaí atá sa Tuarascáil Speisialta DÁ hAIRE agus AITHNÍONN SÍ gur rannchuidiú tráthúil tábhachtach iad don Seiceáil Oiriúnachta ar na Treoracha maidir le Cáilíocht an Aeir Chomhthimpeallaigh;

3. TUIGEANN SÍ go bhfuil difear fós á dhéanamh do shláinte na saoránach trí aerthruailliú, atá ar an mbaol is mó don chomhshaol ó thaobh na sláinte de san Aontas agus níos mó ná 400 000 duine ag fáil bháis go hanabaí gach bliain, agus nár léiríodh na costais mhóra dhaonna agus eacnamaíocha go fóill sa ghníomhaíocht (nach leor í) atá á déanamh ar fud an Aontais;

4. AITHNÍONN SÍ go bhfuil daoine i limistéir uirbeacha i gcontúirt faoi leith agus nach ndearnadh tiúchain na n-aerthruailleán a laghdú a dhóthain lena áirithiú go gcomhlíonfar caighdeáin an Aontais maidir le cáilíocht an aeir ar fud an Aontais;

---

[1] 7515/00 + COR 1.

5. CUIREANN SÍ i dTREIS gur tháinig feabhas mór ar cháilíocht an aeir le fiche nó tríocha bliain anuas nó mar sin, agus bhí glacadh chaighdeáin an Aontais maidir le cáilíocht an aeir agus na Treoracha maidir le Cáilíocht an Aeir Chomhthimpeallaigh mar príomhchúis spreagtha ag na feabhsuithe sin; ADMHAÍONN SÍ, áfach, nár comhlíonadh spriocanna uile na dTreoracha maidir le Cáilíocht an Aeir Chomhthimpeallaigh;

6. CUIREANN SÍ i dTREIS gur gá tuilleadh bearta éifeachtacha maidir le cáilíocht an aeir agus reachtaíocht chomhleanúnach trasna bheartais an Aontais agus gur gá níos mó béime a leagan ar na beartais sin maidir le cáilíocht an aeir agus iad a chur in ord tosaíochta;

7. TUGANN SÍ AGHAIDH ar a thábhachtaí atá sé beartais earnála eile, amhail beartais fuinnimh, talmhaíochta, pleanála spáis agus iompair, a cheapadh agus a ailíniú, agus na hinfheistíochtaí riachtanacha a dhéanamh chun cuidiú leis an aerthruailliú a laghdú, ós rud é go bhfuil na tairbhí a bhaineann leis na beartais maidir le cáilíocht an aeir i bhfad níos mó ná an costas a bhaineann le hiad a chur chun feidhme;

8. CUIREANN SÍ i dTREIS gur den ríthábhacht é feasacht an phobail a ardú agus níos mó faisnéise a thabhairt maidir le cáilíocht an aeir agus an tionchar a imríonn sí ar an tsláinte le go sárófar na heasnaimh atá ann faoi láthair agus TACAÍONN SÍ leis an gCoimisiún sna hiarrachtaí atá á ndéanamh aige chuige sin;

9. IS DÍOL SÁSAIMH DI go bhfuil Seiceáil Oiriúnachta á déanamh ag an gCoimisiún ar na Treoracha maidir le Cáilíocht an Aeir Chomhthimpeallaigh;

10. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún, dá bhrí sin, a marana a dhéanamh faoin gcreat dlíthiúil atá ann cheana a athbhreithniú agus an aird chuí á tabhairt ar thorthaí na Seiceála Oiriúnachta leanúnaí le go bhféadfar na forálacha maidir le cáilíocht an aeir a chur chun feidhme agus a fhorfheidhmiú ar bhealach níos éifeachtúla agus níos éifeachtaí agus COMHAIRLÍONN SÍ an fhianaise eolaíoch is déanaí maidir leis na tionchair ar shláinte an duine a chur san áireamh agus aird a thabhairt ar na treoirlínte ón an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte (EDS).